C/2026/3009

3.6.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(M.12467 - PAI PARTNERS / FID / MECAER AVIATION GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3009)

1. An 19 Bealtaine 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PAI Partners S.a r.l ('PAI Partners', an Fhrainc), faoi rialú PAI Partners SAS

— Fondo Italiano d'Investimento SGR S.p.A. ('FID', an Iodáil), faoi rialú Cassa Depositi e Prestiti

— Mecaer Aviation Group S.p.A. ('Mecaer', an Iodáil), faoi rialú FID, S.B.I. S.p.A. agus Stellex Capital Holdings II Luxembourg SARL

Gheobhaidh PAI Partners agus FID rialú comhpháirteach ar Mecaer de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh Eorpach tábhachtach é PAI Partners a bhfuil a cheanncheathrú aige i bPáras na Fraince. Tá beartas ag cistí PAI scairsheilbh thromlaigh a fháil i gcuideachtaí atá gníomhach sna hearnálacha seo a leanas: seirbhísí gnó, bia agus tomhaltóirí, tionscail ghinearálta, agus cúram sláinte.

— Is príomhchuideachta bainistíochta sócmhainní é FID a cruthaíodh in 2010. Bainistíonn sé cistí frithpháirteacha iata arb é is aidhm dóibh caipiteal a dhíriú i dtreo an chórais cuideachtaí Iodálacha, lena gcomhcheanglaítear an sprioc maidir le toradh ar chaipiteal infheistithe leis an sprioc maidir le fás an chórais táirgiúlachta Iodálaigh a chothú.

— Is cuideachta idirnáisiúnta é Mecaer a bhfuil a cheanncheathrú aige san Iodáil agus a oibríonn i bhforbairt agus monarú córas agus comhpháirteanna atá criticiúil ó thaobh na heitilte de, lena n-áirítear córais rialaithe eitilte, córais ghníomhrúcháin agus córais tuirlingthe le haghaidh héileacaptar agus scairdeitleáin ghnó, chomh maith le dearadh agus forbairt an taobh istigh de chábáin agus seirbhísí cothabhála.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12467 — PAI PARTNERS / FID / MECAER AVIATION GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË